Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11041 — VERDANE CAPITAL 2020 / FSN CAPITAL VI / POLYTECH GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 86/10)

1. An 28 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— FSN Capital VI (an Ríocht Aontaithe), faoi rialú FSN Capital,

— Verdane Capital 2020 (an tSualainn), faoi rialú Verdane Advisors Holding AS,

— VC VIII Polytech Holding ApS ("Polytech Group", an Danmhairg), faoi rialú aonair Verdane Capital 2020 faoi láthair

Gheobhaidh Verdane Capital 2020 agus FSN Capital VI rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Polytech Group.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste cothromais phríobháidigh a dhíríonn ar infheistíochtaí sna tíortha Nordacha, san Ostair, sa Ghearmáin agus san Eilvéis é FSN Capital VI,

— Is ciste infheistíochta atá gníomhach sna hearnálacha idirlín tomhaltóirí, bogearraí, fuinnimh agus ardtionsclaíochta é Verdane Capital 2020.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Polytech Group: táirgí comhpháirteacha criticiúla, speisialaithe lann rótair le haghaidh tuirbíní gaoithe ar fud an domhain a fhorbairt, a mhonarú agus a dháileadh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11041 — VERDANE CAPITAL 2020 / FSN CAPITAL VI / POLYTECH GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË